- Idir acomhal Chnoc Pheannóg agus Páirc Miondíola an Aerfoirt;
- Timpeall ar acomhal an Aerfoirt;
- In áiteanna ar leith idir acomhal an Aerfoirt agus Lána Mhic Coitil; agus
- Idir Bhóthar Steach Comhail agus Timpeallán an Aerfoirt.

Tá cur síos ar mhéid táscach na tógála talún seo in Aguisín an bhróisiúir seo.

### 2.2.2 Acomhal an Aerfoirt go dtí Acomhal Lána na Cúlóige – Bóthar Shoird

Moltar arís na lánaí bus agus na lánaí tráchta ginearálta atá ann cheana sa dá threo a choinneáil mar atá idir Thimpeallán an Aerfoirt agus Lána Thurnapain. Tá sé i gceist an tslí rothar agus na stadanna bus atá i bhfeidhm ar an gcuid seo den bhóthar a choinneáil. Chun na hoibreacha feabhsúcháin infreastruchtúir seo a chur i gcrích beidh tógáil talún theoranta ag teastáil chun na huasghrádaithe seo a éascú. Tá cur síos ar mhéid táscach na tógála talún seo in Aguisín an bhróisiúir seo. Ionas go gcoinneofar tosaíocht a thabhairt do bhusanna sa trácht atá ag dul ó thuaidh tríd acomhal an Aerfoirt, moltar solas tráchta a thugann tosaíocht do bhusanna a chur ar fáil ag an mbealach isteach ó dheas chuig an timpeallán.

Cuirfear ar fáil áiseanna rothar feabhsaithe idir Eastát Tionscail Chrois Bhaile Choilín agus Lána na Cúlóige. Cuirfear ar fáil áiseanna stad bus taobh amuigh de Chumann Lúthchleas Gael Cholm Cille an Halla Bháin agus idir Chlós Sheantraibh agus Lána na Cúlóige.

Chun na feabhsuithe infreastruchtúir iompair seo a éascú, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le tógáil talún theoranta ag na háiteanna seo a leanas:

- Ar an taobh thiar d'acomhal thimpeallán an Aerfoirt ;
- Idir Eastáit Tionscail Chrois Bhaile Choilín & Lána Thurnapain;
- Eastáit Tionscail an Aerfoirt;
- Eastáit Tionscail Pháirc an Aitinn; agus
- Réadmhaointe idir Chlós Sheantraibh agus Lána na Cúlóige le seans ann go mbainfí na crainn atá ag fás ar an gciumhais féir.

Tá cur síos ar mhéid táscach na tógála talún seo in Aguisín an bhróisiúir seo.

### 2.2.3 Acomhal Lána na Cúlóige go dtí Bealach Isteach Ionad Siopadóireachta Pháirc Omni

Idir Lána na Cúlóige agus an bealach isteach chuig Ionad Siopadóireachta Pháirc Omni, moltar cur leis na lánaí bus agus na raonta rothar leanúnacha sa dá threo. D'fhéadfadh sé go mbeadh tógáil talún theoranta ó réadmhaointe in aice láimhe ar dhá thaobh an bhóthair atá ann cheana ag teastáil agus go bhfaighfear réidh leis an bpáirceáil sráide atá ann faoi láthair. Tá cur síos ar mhéid táscach na tógála talún seo in Aguisín an bhróisiúir seo.

Tá sé i gceist an trasrian coisithe atá ann cheana ag acomhal Chorrán Magenta a aistriú taobh ó dheas den acomhal seo.

Leanfaidh trácht ginearálta sa dá threo ag feidhmiú ar feadh na coda seo idir Lána na Cúlóige agus acomhal Ionad Siopadóireachta Pháirc Omni, le lána amháin tráchta ginearálta sa dá threo. É sin ráite, taobh ó dheas d'acomhal Ionad Siopadóireachta Pháirc Omni, ní shamhlaítear níos mó ná lána amháin tráchta ginearálta a bheith ann, agus é ag dul ó thuaidh. Beidh ar an trácht ar fad a thagann amach as

Ionad Siopadóireachta Pháirc Omni casadh ó thuaidh, mar sin, agus úsáidfidh trácht atá ag dul ó dheas an bealach malartach atá leagtha amach sa chéad chuid eile den doiciméad seo.

### 2.2.4 Bealach Isteach Ionad Siopadóireachta Pháirc Omni go dtí Acomhal Bhóthar Sheantalaimh – Bóthar Shoird

Mar a dúradh sa chuid roimhe seo, moltar an chuid de Bhóthar Shoird theas d'acomhal Ionad Siopadóireachta Pháirc Omni a theorannú do dhá lána bus agus lána amháin do thrácht ginearálta ag dul ó thuaidh. De bharr leithne neamhdhóthanach agus leagan amach na bealaí isteach chuig na réadmhaointe in aice láimhe, níl spás ann do dhá lána tráchta ginearálta agus do dhá lána bus ar an gcuid seo de Bhóthar Shoird. Dá bharr sin, moltar go ndéanfaí trácht ag dul ó dheas a athreorú chuig Timpeallán Lána na Cúlóige chun go gcasfaidh sé ó dheas ar bhóthar ar a nglaoitear Seachbhóthar Sheantraibh air go minic. Cuirfear ar fáil sliosbhóthar nua a thabharfaidh cead do thrácht ag dul ó dheas ar an seachbhóthar teacht amach ar Bhóthar Sheantalaimh, rud a éascóidh naisc le ceantar Beaumont.

Ós rud é, ina theannta sin, nach bhfuil leithne dhóthanach ar an gcuid seo de Bhóthar Shoird le go gcuirfí ar fáil áiseanna rothaíochta leithscartha, moltar rothaithe a athreorú ar feadh Lána na Cúlóige chuig raon rothar dhá bhealach a chuirfear ar fáil taobh le hAscaill Pháirc na Darach agus Bóthar na Seanrátha. Filleann an tslí rothar seo ar Bhóthar Shoird ag an acomhal le Bóthar na Seanrátha.

Déanfar comhartha chosc ar chasadh ar dheis a chur isteach do thrácht a thagann ó Bhóthar na Seanabhann. Tá srianadh meáchain i bhfeidhm ar an mbóthar seo ag an acomhal le Bóthar na Seanabhann.

Cuirtear mapa ag léiriú an atreorú tráchta i gceantar Sheantraibh ar fáil ag deireadh an Aguisín.

### 2.2.5 Acomhal Bhóthar Sheantalaimh go dtí Sráid Bhaile Coimín – Bóthar Shoird

Ó Bhóthar Sheantalaimh go dtí an t-acomhal le Sráid Fhreidric Thuaidh, cuirfear ar fáil lána bus leanúnach ag dul ó dheas agus ó thuaidh. Moltar freisin raon rothar a chur ar fáil idir na hachomhail seo sa dá threo. Déanfar na hacomhail seo a leanas a uasghrádú le háiseanna feabhsaithe do choisithe agus do thosaíocht busanna:

- Ascaill Uí Choileáin;
- Ascaill Uí Ghríofa;
- Bóthar na Buaile;
- Ascaill Gharraithe na Lus;
- Sráid Ghairdinéir Uachtarach; agus
- Sráid Fhreidric Thuaidh.

Chun na feabhsuithe seo ar an infreastruchtúr iompair phoiblí agus ar na háiseanna slí rothar a éascú, moltar tógáil talún theoranta ag na háiteanna seo a leanas:

- Séipéal an Linbh Naofa ag an Halla Bháin (An carrchlós amháin);
- Tailte CLG an Halla Bháin (Na ballaí teorainn);
- Tailte Choláiste Phluincéid;
- Réadmhaointe príobháideacha ag na Seacht nDair;
- Réadmhaointe príobháideacha idir Ascaill Uí Ghríofa agus Bóthar na Buaile; agus

- Tailte idir Acaill Chnocán an Mhuilinn agus Ascaill Gharraithe na Lus.

Tá cur síos ar mhéid táscach na tógála talún seo in Aguisín an bhróisiúir seo.

Ag Droim Conrach, beidh orainn an droichead a thrasnaíonn na Tulchann a leathnú chun spás a dhéanamh don leagan amach bóthair atá beartaithe.

Mar chuid den scéim, moltar páirceáil sráide a chur ar fáil ag na háiteanna seo a leanas:

- 116 & 122 Bóthar Dhroim Conrach Uachtarach;
- 4 & 8 Bóthar Dhroim Conrach Uachtarach;
- Idir Bhóthar Chluain Life agus Bóthar Whitworth; agus
- Idir Bhóthar Belvedere agus An Cuarbóthar Thuaidh.

D’fhéadfadh sé gur gá páirceáil sráide a bhaint chun spás a dhéanamh do na hoibreacha beartaithe.

Moltar srianta nua ar chasadh a chur i bhfeidhm ag na hacomhail seo a leanas:

- Cosc ar chasadh ar dheis ó Bhóthar Shoird go Bóthar Uíbh Ráthaigh;
- Cosc ar chasadh ar chlé ó Shráid Dorset go Sráid Ghairdinéir Uachtarach;
- Cosc ar chasadh ar chlé ó Shráid Dorset go Plás Shionóid; agus
- Cosc ar chasadh ar chlé ó Shráid Dorset go Plás Hardwicke.

Nascann an taobh seo den scéim leis an leagan amach sráide atá ann cheana ag acomhal Shráid Fhreidric Thuaidh agus Sráid Dorset Íochtarach.

Ar an gcuid seo den bhealach, bheadh tionchar ag na hoibreacha beartaithe ar naoi mbá lódála. Tá sé i gceist na háiseanna seo a choinneáil más féidir sin. Oibreofar amach sonraí na n-áiseanna lódála seo mar chuid den chéad chéim deartha eile atá le teacht.

### 2.2.6 Sráid Fhreidric Thuaidh agus Sráid Ghairdinéir

Ar Shráid Ghairdinéir Uachtarach, moltar cosc ar chasadh ar chlé ó Shráid Dorset Íochtarach a chur i bhfeidhm. Éascóidh sé seo cur i bhfeidhm leagan amach lána bus dhá bhealach ar Shráid Ghairdinéir Uachtarach. Chomh maith leis an gcosc ar chasadh ar chlé seo, bainfear cuid den pháirceáil sráide ar Shráid Ghairdinéir Uachtarach. Déanfar an t-acomhal idir Phlás Ghairdinéir agus Sráid Ghairdinéir Uachtarach a uasghrádú chuig acomhal go hiomlán soilsithe le háiseanna coisithe nua.

Coinneofar trácht dhá bhealach, bus agus trácht ginearálta araon ar Chearnóg Mhuinseo Thiar, Sráid Ghairdinéir Lár agus Íochtarach. Nascann deireadh na scéime leis an gcóras tosaíochta bus atá ann cheana ar Phlás Beresford.

Ar Shráid Fhreidric Thuaidh, moltar an trácht a chasann ar chlé ó Shráid Dorset Íochtarach a chosc chomh maith leis an trácht a thagann díreach tríd ó Shráid Bhaile Coimín. Déanfar Sráid Fhreidric Thuaidh a theorannú go lána bus amháin ag dul ó dheas agus lána tráchta amháin ag dul ó thuaidh. Cuirfear ar fáil raonta rothar sa dá threo. Moltar áiseanna stad bus feabhsaithe a chur isteach ar an gcuid

seo den scéim. Nascann an chuid seo den scéim leis an leagan amach sráide atá ann cheana ar Shráid Pharnell.

Tá plean a léiríonn an atreorú tráchta a bhaineann le srianta Shráid Ghairdinéir le feiceáil sa léarscáil dheireanach atá san Aguisín.

## 2.3 Comhéadan leis an Scéim MetroLink

Trasnóidh an scéim MetroLink beartaithe an chonair bus lárnach seo ag Timpeallán Chnoc Pheannóg atá ann cheana. Déanfar na hathruithe atá beartaithe don charrbhealach sa limistéar seo a chomhordú leis na hoibreacha tógála beartaithe a bhaineann le Stáisiún Metro Fostertown.

## 2.4 Príomhfhíricí:

- Neas-líon na réadmhaointe a bhféadfadh tionchar imirt orthu: **110**
- Neas-líon na spásanna páirceála sráide a bhféadfaí a chailliúint: **101**
- Neas-líon na gcrann ar thaobh an bhóthair a d'fhéadfaí a bhaint: **170**
- Fad measta an bhealaigh: **12km**
- Fad measta an lána rothar nua: **12km**
- Am thuras bus reatha: **suas go dtí 71 nóiméad**
- Am thuras BusConnects: **40 nóiméad**
- Amanna Thuras bus amach anseo gan BusConnects: **80 nóiméad +**



